


# IONSAÍ A AITHINT

## FÍOR VS BRÉAGACH

UCD School of Education
Scoil an Oideachais UCD

Cyberwise




# RÉAMHRÁ

An bhfuair tú ríomhphost riamh á rá gur bhuaigh tú cúig mhilliún dollar ó phrionsa i dtír eile? Níl le déanamh agat ach uimhir an chuntais bhainc a sheoladh, cuirfear an t-airgead i do chuntas, agus beidh tú i do mhilliúnaí láithreach!

Uaireanta, oibríonn an cleas mire sin. Cuireann daoine a gcuid sonraí bainc ar fáil agus ansin, níos déanaí, aithníonn na daoine bochta sin gur glacadh an t-airgead óna gcuntas. Is cineál innealtóireacht shóisialta é an sórt scéiméireachta sin.

Is é atá i gceist le cibearchoireacht gníomhaíocht neamhdhleathach a dhéantar ar ghléas cumarsáide trí scéiméireacht a dhéanamh ar dhaoine (innealtóireacht shóisialta) nó trí bhriseadh isteach i ríomhairí (haiceáil).

Bíonn scéiméireachtaí nua á gcruthú gach lá agus níl aon duine 100% sábháilte ó dhallamullóg! Má bhíonn tú ar an eolas agus airdeallach faoi roinnt 'bratacha dearga', d'fhéadfaí tú a shábháil ó bheith i d'íospartach cibearchoireachta.

Déanaimis iniúchadh ar shaol na cibearchoireachta agus féachaimis an féidir linn an difríocht idir fíorchás agus cás bréagach a aithint!

*An Scuad Cibirchéillí*




# WALT




- Cineálacha innealtóireacht shóisialta a aithint.
- Roinnt comharthaí de chamscéimeanna éagsúla ar líne a aithint.
- Roinnt straitéisí a lua chun camscéimeanna a sheachaint go pearsanta.
- Feasacht a fhorbairt ar bhréagnuacht agus ar dhomhainbhrionnú









# PRÍOMHFHOCLÓIR

## CLICMHEALLADH

Ábhar arb é a phríomhchuspóir aird a tharraingt agus cuairteoirí a spreagadh chun cliceáil ar nasc chuig leathanach gréasáin ar leith.

## DOMHAINBHRIONNÚ

Físeán de dhuine inar athraíodh a aghaidh nó a chorp go digiteach ionas go bhfuil an chuma air gur duine eile é, a úsáidtear go mailíseach de ghnáth nó chun faisnéis bhréagach a scaipeadh.

## FIOSCAIREACHT

Tarlaíonn fioscaireacht nuair a sheolann duine téacs bréige, ríomhphost, nó preabfhógra chun daoine a mhealladh chun a gcuid faisnéis phearsanta, pasfhocail nó faisnéis airgeadais a roinnt. Nuair a bhíonn an t-eolas sin acu, úsáideann na coirpigh seo an fhaisnéis a bhailítear chun bradaíl aitheantais a dhéanamh nó chun airgead a ghoid.

## INNEALTÓIREACHT SHÓISIALTA

Baineann innealtóireacht shóisialta leis an mbealach a dtugtar ar dhaoine faisnéis rúnda a thabhairt ar shiúl.

## NA MEÁIN SHÓISIALTA

Is comhthéarma é na meáin shóisialta a chlúdaíonn suíomhanna gréasáin agus feidhmchláir a dhíríonn ar chumarsáid, ionchur pobalbhunaithe, idirghníomhaíocht, comhroinnt inneachair agus comhoibriú.

# CAD IS INNEALTÓIREACHT SHÓISIALTA ANN?



Seans nach gcreidfeá gur féidir le cibearchoirpigh faisnéis a fháil ach é a iarraidh go díreach. Tá go leor camscéimeanna ag gníomhaithe cibearbhagairtí chun a thabhairt ar dhaoine an méid is mian leo a thabhairt dóibh. Cabhróidh fios a bheith agat faoin gcaoi a n-oibríonn siad le do chuid faisnéise a chosaint ar líne!

Déanann go leor cibearchoirpeach iarracht cleas a imirt ar dhaoine eolas a thabhairt seachas a bheith ag déanamh iarrachta a ngléasanna a ionsaí.

Tugtar **INNEALTÓIREACHT SHÓISIALTA** air sin.



# CONAS A OIBRÍONN SÉ?

## 1 DÉANANN CIBEARCHOIRPEACH TAIGHDE

INNILL CHUARDAIGH

NA MEÁIN SHÓISIALTA

D’fhonn níos mó a fhoghlaim fút féin nó faoi do chuideachta

## 2 SEOLANN SIAD TEACHTAIREACHT CHUGAT A BHFUIL AN CHUMA AIR GUR Ó CHEANN DE NA FOINSÍ SEO A THÁINIG SÍ:

CARA

SAOISTE

CUIDEACHTA A BHFUIL EOLAS AGAT UIRTHI

Nó foinse iontaofa eile

## 3 DÉANANN SIAD IARRACHT BOB A BHUALADH ORT IONAS GO SEOLFAIDH TÚ FAISNÉIS ÍOGAIR, AMHAIL

PASFHOCAIL

SONRAÍ AIRGEADAIS

UIMHREACHA CÁRTA CREIDMHEASA

TÁ INNEALTÓIREACHT SHÓISIALTA

**DÍRITHE AGUS SOFAISTICIÚIL**


AGUS IS FÉIDIR LÉI AN CEANN IS FEARR A FHÁIL AR AON DUINE.

# TASC 1: PLÉ

**BÍONN AN CHUMA AIR GO BHFUIL SÉ AN-SIMPLÍ FÉINIÚLACHT A CHINNEADH - ACH, D'FHÉADFADH SÉ A BHEITH DEACAIR GO LEOR. UAIREANTA "GO DÍREACH BÍONN A FHIOS AGAT" AGUS UAIREANTA CAITHFIDH TÚ AN FHAISNÉIS GO LÉIR ATÁ AR FÁIL A ÚSÁID CHUN FÉIDEARTHACHTAÍ EILE A CHUR AS AN ÁIREAMH. BRAITHEANN GO LEOR CAMSCÉIMEANNA AR THABHAIRT AR AN SPRIOC RUD ÉIGIN A DHÉANAMH TRÍ DHUINE LIGEAN AIR FÉIN GUR DUINE É A BHFUIL MUINÍN AIGE AS NÓ GUR PEARSA ÚDARÁSACH É.**

## C1

Nuair a ghlaonn cara ort, cén chaoi a mbíonn a fhios agat gurb é guth do charad atá ar an taobh eile den fhón?



## C2

Cad é faoi nuair a chuireann cara téacs chugat? Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gurb é do chara a sheol an téacs?

## C3

Cén chaoi a bhfuil sé difriúil duine a ghlao ar an bhfón a aithint vs. duine a sheol téacs a aithint?

## C4

Cad é a dhéanfá mura mbeifeá cinnte gurb é an duine a dúirt sé a bhí ar an bhfón?

## C5

An bhfuil na bealaí chun duine a aithint nó aitheantas a fhíorú ar labhair muid fúthu gan locht? Conas a d'fhéadfaí iad a láimhseáil?

SEE TEACHERS NOTES

# FIOSCAIREACHT

## Cad é go díreach atá i gceist léi?

Is **cineál innealtóireacht shóisialta** í an **fhioscaireacht.**

Baintear úsáid as ríomhphoist nó as láithreáin ghréasáin mhailíseacha in ionsaithe fioscaireachta chun faisnéis phearsanta a fháil trí dhuine ligean air féin gur eagraíocht iontaofa é.



# 6 BHRATACH DHEARGA LE HAGHAIDH FIOSCAIREACHTA

## 1 Teanga phráinneach nó bhagrach

*Má tá cás éigeandála i ndáiríre ann, ní tharlaíonn teagmháil thar ríomhphost*

**BÍ AG FAIRE AMACH DO**

- BRÚ FREAGRA TAPA A THABHAIRT
- BAGAIRTÍ CHUN DO CHUNTAS A DHÚNADH NÓ CÁS DLÍ A DHÉANAMH

## 2 Iarrataí ar fhaisnéis íogair

**BÍ AG FAIRE AMACH DO**

- NAISC A THREORAÍONN TÚ CHUIG LEATHANAIGH LOGÁLA ISTEACH
- IARRATAIS CHUN FAISNÉIS AN CHUNTAIS A NUASHONRÚ
- ÉILIMH AR DO CHUID FAISNÉIS AIRGEADAIS

## 3 Aon rud atá rómhaith le bheith fíor

*'Tá sé neamhdhóchúil go mbuafá crannchur ach tá sé dodhéanta go mbuafá crannchur nár chuir tú isteach air'*

**BÍ AG FAIRE AMACH DO**

- AIRGEAD BUAITE LE HAGHAIDH COMÓRTAS NÁR CHUIR TÚ ISTEACH ORTHU
- DUAISEANNA A CHAITHFEAR ÍOCAÍOCHT A DHÉANAMH CHUN IAD A FHÁIL
- OIDHREACHT Ó GHAOLTA ATÁ CAILLTE LE FADA

## 4 Ríomhphoist gan choinne

*'Scrios iad láithreach'*

**BÍ AG FAIRE AMACH DO**

- ADMHÁLACHA LE HAGHAIDH EARRAÍ NÁR CHEANNAIGH TÚ
- NUASHONRUITHE LE HAGHAIDH SEACHADTAÍ AR EARRAÍ NÁR ORDAIGH TÚ

## 5 Neamhréireanna Faisnéise

**BÍ AG FAIRE AMACH DO**

- SEOLADH RÍOMHPHOIST MÍCHEART (ACH B'FHÉIDIR COSÚIL LE SEOLADH EILE) AN TSEOLTÓRA
- NAISC NACH DTÉANN CHUIG LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN OIFIGIÚLA
- EARRÁIDÍ LITRITHE NÓ GRAMADAÍ

## 6 Ceangaltáin amhrasacha

**BÍ AG FAIRE AMACH DO**

- CEANGALTÁIN NÁR IARR TÚ
- AINMNEACHA AISTEACHA COMHAD
- CINEÁLACHA NEAMHCHOITIANTA COMHAD

# FIOSCAIREACHT:



## Straitéisí éagsúla Scéiméireacht Fhioscaireachta




### Fioscaireacht Spriocdhírithe

Le linn ionsaí aonair fioscaireacht spriocdhírithe, ligfidh cibearchoirpeach air féin gur gnó é a bhfuil iontaobh ag an duine ann, amhail banc nó branda aitheanta ar nós Amazon, chun "deimhniú idirbhirt" nó "fógra seolta" nó "nasc deimhnithe" a sheoladh chuige.

### Fioscaireacht na ndaoine saibhre

Mar shampla, féadfaidh ionsaitheoir ríomhphost a sheoladh chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ag iarraidh íocaíochta agus é ag ligean air féin gur cliant de chuid na cuideachta é. Déanann ionsaithe fhioscaireacht na ndaoine saibhre tagairt phearsanta i gcónaí don sprioc, déantar tagairt dá dteideal, suíomh agus uimhir theileafóin, a fhaightear trí úsáid a bhaint as láithreáin ghréasáin, na meáin shóisialta nó an preas.

### Smioscaireacht

Is cineál calaoise í an smioscaireacht atá cosúil leis an bhfioscaireacht, ach déantar í ar theachtaireacht téacs. Is minic a bhíonn nasc bréagach i dtéacs smioscaireachta a thógann íospartaigh chuig foirm a úsáidtear chun a gcuid faisnéise a ghoid.

### Glaoscaireacht

Glaonn an calaoiseoir ar an íospartach á rá gur ón mbanc nó ó institiúid eile é agus cuireann sé in iúl dó go bhfuil fadhb lena chuntas nó lena chárta creidmheasa. D'fhéadfadh an foláireamh bréagach teacht trí SMS ar dtús, ag iarraidh ar an duine glaoch ar uimhir chun an fhadhb a réiteach.




# TASC 2

## Meaitseáil gach teachtaireacht le cineál ionsaí fioscaireachta:

**A**

citi

This is a Security Alert you requested to help you protect your account.

Your account has been blocked.
219 You have exceeded the number of three (3) failed login attempts.

To unlock your account, please your account

Thank you for your cooperation.

**Sincerely Yours,**
Letha Cox
Letha.Cox@citib

**b**

FILE MESSAGE

Walter White <whitechemicals.co.ma.e-ml.co
**Same day payment**

Hi Lucia,

Hope your day is going on fine. I need you to make a same day UK payment for me. Kindly email me the required details you will need to send out the payment. I will appreciate a swift email response.

Kind regards,
Walter

**C**

Your Santander Bank Account has been blocked.
All services have been withdrawn.
Go to http://santander.onlineupdatesecures.he.net.pk to reactivate now.

**D**

Friday, 24 Apr • 18:39

DVLA:
You still have an outstanding vehicle tax reimbursement of 63.97 GBP. Follow the link.
https://gov.uk

24 Apr, 18:39

Text message

- FIOSCAIREACHT SPRIOCDHÍRITHE
- FIOSCAIREACHT NA NDAOINE SAIBHRE
- SMIOSCAIREACHT
- GLAOSCAIREACHT

# 4 SCÉIMÉIREACHT AN-ÉILIMH IN 2022!

Guth
Google
SCAM

Íocaíochtaí
P2P
SCAM

Íocaíochtaí bréige
amazon
SCAM

Garaíocht don chara:




SCAM




**TASC 3:**

- An raibh tú féin nó duine éigin gar duit riamh in bhur n-íospartaigh ag camscéim?
- An féidir leat aon chamscéimeanna eile ar éirigh leo le déanaí do chibearchoirpigh a fhiosrú?

## ROINNTEAR AIPEANNA BRÉIGE IN DHÁ CHATAGÓIR LEATHANA:

### GÓCHUMTHA

IS AIPEANNA BRÉIGE IAD SEO A DHÉANANN AITHRIS AR FHÍOR-AIP. D'FHÉADFADH LÓGÓ, GABHÁIL SCÁILEÁIN, AGUS OBAIR EALAÍNE A BHEITH IONTU ATÁ COSÚIL LEIS AN AIP ATÁ SIAD AG IARRAIDH A CHÓIPEÁIL. SEANS GO BHFUIL NA HEOCHAIRFHOCAIL, A ÚSÁIDEANN AN GNÁTHÚSÁIDEOIR AGUS AN FÍORLEAGAN DEN AIP Á CHUARDACH AIGE, SA CHUR SÍOS. D'FHÉADFADH AN T-AINM A BHEITH COSÚIL LEIS AN MBUNLEAGAN ACH LITIR NÓ DHÓ ATHRAITHE.

## CINEÁLACHA AIPEANNA BRÉIGE



### ATHPHACÁISTÍ

UAIREANTA, DÉANANN FORBRÓIRÍ FOINSE OSCAILTE DÁ GCUID FEIDHMCHLÁR – RUD A CHIALLAÍONN GO BHFUIL FOINSE AN CHÓID INROCHTANA AGUS GUR FÉIDIR LE DUINE AR BITH É A ATHRÚ. TÁ SÉ I BHFAD NÍOS ÉASCA AIP FOINSE OSCAILTE A THÓGÁIL AGUS É A ATHPHACÁISTIÚ – TRÍ FHÓGRAÍ A CHUR LEIS – NÁ D'AIP FÉIN A FHORBAIRT. NÍL SÉ MÍDHLEATHACH É SIN A DHÉANAMH – MÁ BHÍONN FOINSE OSCAILTE AG AIP, BÍONN CEAD AG DAOINE É A ATHRÚ – ACH CUIREANN NA FÓGRAÍ ISTEACH AR AN ÚSÁIDEOIR DEIRIDH. IS DEACAIR NA CINEÁLACHA AIPEANNA SIN A AITHINT.

## CONAS A OIBRÍONN AIPEANNA BRÉIGE?

IS FÉIDIR AIPEANNA BRÉIGE A DHÁILEADH AR BHEALAÍ ÉAGSÚLA. IS FÉIDIR IAD A ÓSTÁIL AR AIPMHARGAÍ TRÍÚ PÁIRTÍ NÓ AR AIPMHARGAÍ BRÉIGE. IS FÉIDIR LE CIBEARCHOIRPIGH AIPMHARGAÍ OIFIGIÚLA A ÚSÁID FIÚ CHUN AIPEANNA BRÉIGE A DHÁILEADH, IN AINNEOIN NA MBEART SLÁNDÁLA ATÁ I BHFEIDHM. IS FÉIDIR LE CIBEARCHOIRPEACH É FÉIN A CHLÁRÚ INA FHORBRÓIR AR AON AIPMHARGADH, AIP DHLISTEANACH A ÍOSLÓDÁIL, AGUS É A ATHSCRÍOBH AG BAINT ÚSÁID AS CÓD MAILÍSEACH. ANSIN, IS FÉIDIR LEIS AN AIP BHRÉIGE A UASLÓDÁIL CHUIG AN AIPMHARGADH.

## CAD IS AIPEANNA BRÉIGE ANN?

IS AIPEANNA IAD NA HAIPEANNA BRÉIGE A CHRUTHAÍONN CIBEARCHOIRPIGH CHUN DOCHAR A DHÉANAMH D'ÚSÁIDEOIRÍ AGUS DÁ NGLÉASANNA. DÉANTAR IAD A DHEARADH MAR A BHEADH AIPEANNA DLISTEANACHA ANN ACH DÉANANN SIAD GNÍOMHAÍOCHTAÍ MAILÍSEACHA. I MEASC NA NGNÍOMHAÍOCHTAÍ SIN, DÉANTAR MONATÓIREACHT AR DO GHNÍOMHAÍOCHT, BOGEARRAÍ MAILÍSEACHA A SHUITEÁIL, FÓGRAÍ A THAISPEÁINT, NÓ DO CHUID FAISNÉIS PHEARSANTA A GHOID.

Aip bhréige a aithint



CLICEÁIL AR AN BHFÓN LE FÉACHAINT AR ROINNT AIPEANNA BRÉIGE

An maith leat an chuma atá ar aip?
Bhuel, sula gcaithfidh tú do chuid airgid air, bí cinnte go leanann tú na leideanna seo chun a chinntiú go bhfuil sé dlisteanach!

# LEIDEANNA CHUN AIPEANNA BRÉIGE A AITHINT

## SEICEÁIL AN DÁTA SCAOILTE:

Cén uair ar eisíodh an aip? Má thaispeántar dáta le déanaí ach líon ard íoslódálacha, is dócha gur bréag é.
De ghnáth bíonn aipeanna dlisteanacha a bhfuil a lán íoslódálacha aige ar an margadh ar feadh tamaill.

## SEICEÁIL NA LÉIRMHEASANNA:

Má tá rátáil íseal agus go leor gearán úsáideora ag aip, bí airdeallach. Mar sin féin, d'fhéadfadh léirmheasanna dearfacha ar fad a bheith ina mbrat dearg freisin, ós rud é gur minic a scríobhann cruthaitheoirí aipeanna bréige léirmheasanna bréige chun dallamullóg a chur ar úsáideoirí chun an aip a íoslódáil. Má tá na léirmheasanna ar fad an-dearfach, bí ciallmhar agus cuardaigh rogha eile ina ionad.

## SEICEÁIL LÍON NA N-ÍOSLÓDÁLACHA:

Is féidir le haipeanna dlisteanacha na milliúin nó fiú na billiúin íoslódálacha a bheith acu. Má fheiceann tú aip cháiliúil gan ach cúpla míle íoslódáil, d'fhéadfadh sé a bheith bréagach.

## DÉAN TAIGHDE AR AN BHFORBRÓIR:

Déan cuardach Google ar ainm an fhorbróra chun faisnéis a fháil faoi. Beidh a fhios agat ansin cibé acu atá dea-chlú air nó nach bhfuil.

# HAIC MEÁIN SHÓISIALTA

nó


# GOID AITHEANTAIS

Logálann tú isteach ar an suíomh meáin shóisialta is fearr leat agus tugann tú faoi deara go bhfuil postálacha nó teachtaireachtaí ann nár chuir tusa in airde.
Nó, faigheann tú teachtaireacht gur athraíodh pasfhocal do chuntais, i ngan fhios duit.
Aithníonn tú go ndearnadh do chuntas a haiceáil.
Céard a dhéanann tú?

Is é atá i gceist le bradaíl aitheantais na meán sóisialta, ar a dtugtar pearsanú na meán sóisialta freisin, pictiúir agus faisnéis duine eile a úsáid chun próifílí bréige ar na meáin shóisialta a chruthú.



## TASC 4



WHAT TO DO WHEN YOUR SOCIAL MEDIA ACCOUNT GETS HACKED

You log in to your favourite social media site and notice a string of posts or messages definitely not posted by you. Or, you get a message that your account password has been changed, without your knowledge. It hits you that your account may have been hacked. What do you do?
This is a timely question considering that social media breaches have been on the rise. A recent survey revealed that 22% of internet users said that their online accounts have been hacked at least once, while 14% reported they were hacked more than once.
So, how should you respond if you find yourself in a social media predicament such as this? Your first move—and a crucial one—is to change your password right away and notify your connections that your account may have been compromised. This way, your friends know not to click on any suspicious posts or messages that appear to be coming from you because they might contain malware or phishing attempts. But that's not all. There may be other hidden threats to having your social media account hacked. The risks associated with a hacker poking around your social media have a lot to do with how much personal information you share. Does your account include personal information that could be used to steal your identity, or guess your security questions on other accounts? These could include your date of birth, address, hometown, or names of family members and pets. Just remember, even if you keep your profile locked down with strong privacy settings, once the hacker logs in as you, everything you have posted is up for grabs.

104

Léigh an téacs:
*"Cad é le déanamh nuair a dhéantar haiceáil ar do chuntas meáin shóisialta."*

Cruthaigh póstaer grafaic faisnéise a thugann comhairle do dhaoine óga eile maidir lena bhféiniúlacht a chosaint ar na meáin shóisialta agus cad é le déanamh sa chás go ndéantar haiceáil meáin shóisialta.



# CAD IS NUACHT BHRÉIGE ANN?






Scéalta agus eolas a cumadh.

In ainm a bheith á roinnt go forleathan - b'fhéidir chun preab a bhaint as daoine nó chun iad a scanradh

Is é an cuspóir atá leis daoine a mhealladh smaoineamh ar bhealach áirithe nó vótáil ar bhealach áirithe

Is féidir a úsáid chun airgead a dhéanamh ó fhógraíocht - tugtar "Clicmhealladh" air sin.

Féach ar na deich scéal nuacht bhréige is fearr in 2021 agus 2022 a chreid daoine a bhí fíor.

# CAD IS DOMHAINBHRIONNÚ ANN?

Físeán de dhuine inar athraíodh a aghaidh, a ghuth nó a chorp go digiteach ionas gur cosúil gur duine eile é, a úsáidtear go mailíseach de ghnáth nó chun faisnéis bhréagach a scaipeadh.







SEEING IS BELIEVING.

# TASC 5

Féach ar an bhfíseán seo agus pléigh na ceisteanna seo a leanas:




- Cad is domhainbhrionnú ann?
- Cad é dúshlán braite an domhainbhrionnaithe?
- Ainmnigh dhá bhealach chun domhainbhrionnú a aithint?
- Sainaithin dea-impleacht amháin agus droch-impleacht amháin a bhaineann le domhainbhrionnú.
- Tabhair sampla d’uair ar baineadh úsáid mhaith as domhainbhrionnú agus uair ar baineadh drochúsáid as.



# CAMSCÉIM NÓ IONSAÍ A AITHINT AGUS A THUAIRISCIÚ




- Má tá amhras ort faoi haic nó camscéim, cuir in iúl don Stáisiún Gardaí áitiúil de bhrí gur ábhar coiriúil é.
- Bailigh aon taifead atá agat faoin gcamscéim (amhail ríomhphoist, gabhálacha scáileáin nó cumarsáid eile).
- Cosain do ghléasanna trí d'fhocal faire a athshocrú agus do bhogearraí frithvíreas a nuashonrú.
- Cuir bac ar uimhreacha gutháin ar d'fhón póca a chuireann téacs chugat faoi naisc nó faoi theachtaireachtaí amhrasacha.
- Bí airdeallach faoi naisc a thairgeann táirgí nó seirbhísí saor in aisce. Níl aon rud saor in aisce ar an idirlíon.
- Cuir in iúl do shuíomhanna meáin shóisialta go ndearnadh do chuid faisnéise a haiceáil nó gur cuireadh d'aitheantas i mbaol.

# FÍRICÍ FÁNACHA

Le linn na gcúig bliana amach romhainn, d'fhéadfadh cibearchoireacht a bheith ar an mbagairt is mó do gach duine, áit agus rud ar domhan.

Goidtear féiniúlacht 1.3 milliún leanbh gach bliain.

Tuairiscítear gur uaslódáladh Domhainbhrionnú ó Uachtarán na hÚcráine Zelensky chuig suíomh idirlín nuachta de chuid na hÚcráine ag iarraidh ar a chuid saighdiúirí a gcuid arm a leagan síos.

Toisc gur athraigh paindéim Covid-19 an bealach a ndéanann daoine siopadóireacht agus aistriú airgid, tá coirpigh ag díriú níos mó ar sparán digiteach agus ar mhodhanna íocaíochta idir piaraí ar nós Apple agus Google Pay. Fuarthas an ceann is fearr ar thart ar 18 milliún íospartach camscéimeanna sna Stáit Aontaithe trí na modhanna íocaíocht dhigiteach seo in 2020.

Creidtear nuacht bhréige 75% den am.



Rinne náisiúnach de chuid na Liotuáine, Evaldas Rimasauskas, an t-ionsaí innealtóireacht shóisialta is mó riamh, i gcoinne dhá cheann de na cuideachtaí is mó ar domhan: Google agus Facebook. Bhunaigh a fhoireann cuideachta bhréige, agus iad ag ligean orthu féin gur déantúsóir ríomhaireachta iad a d'oibrigh le Google agus Facebook.
Bhunaigh Rimsauskas cuntais bhainc in ainm na cuideachta freisin.
Ansin sheol na caimiléirí ríomhphoist fioscaireachta chuig fostaithe áirithe Google agus Facebook, agus iad ag cur sonrasc chucu le haghaidh earraí agus seirbhísí a chuir an déantóir ar fáil i ndáiríre - ach ag iarraidh orthu an t-airgead a thaisceadh ina gcuntais bhréagacha. Idir 2013 agus 2015, bhain Rimasauskas agus a chomhghleacaithe os cionn $100 milliún den dá ollchuideachta ardteicneolaíochta le feall.



# NÁ DÉAN DEARMAD

# A bheith sábháilte ar líne

## Ná cliceáil gan seiceáil

## Bí CIBIRCHÉILLÍ

